

Ainm: _____

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Teicneolaíocht
an Adhmaid



Réasúnaíocht

Tugann gach ábhar sa réimse teicneolaíochta taithí dhifriúil don scoláire a chuireann lena oideachas in oideachas teicneolaíochta. Mar thoradh air sin, ní bhaineann scoláire a ullmhú don fhoghlaim sna hábhair theicneolaíochta le teagasc i dtreo na teicneolaíochta amháin ach i dtreo na scileanna atá bunúsach do na hábhair theicneolaíochta agus is féidir a aistriú chuig réimsí eile foghlama. Scileanna a spreagann an scoláire le fadhb a réiteach trí chruthaitheacht, nuálaíocht, cumarsáid, comhoibriú agus iniúchadh agus déantar gach ceann díobh sin a fhorbairt i dtimpeallacht ghníomhach foghlama ina bhféadfaidh an scoláire a chuid smaointe a chur chun cinn ón mbunsmaoineamh go baint amach.

Is ábhar é Teicneolaíocht Adhmaid a thugann deis don scoláire acmhainn nádúrtha thábhachtach a thagann ón nádúr a iniúchadh agus foghlaim fúithi. Tá caidreamh uathúil ag crainn agus ábhar adhmaid leis an dúlra agus an duine. Tá úsáid inbhuanaithe agus bainistíocht na hacmhainne nádúrtha seo tábhachtach mar go bhfuil dúshlán an 21ú haois le sárú againn. Ó ghnáthóga go foirgníocht nó ó chaithimh aimsire go cruthú ocsaigine, tá ról suntasach ag an acmhainn seo maidir le folláine ár bpláinéid. Chun na críche sin, tá sé tábhachtach go dtabharfaí deis do shaoránaigh a bheith ar an eolas faoin acmhainn seo, agus iniúchadh a dhéanamh ar a hoidhreacht agus ar a hinniúlacht mar ábhar don todhchaí.

I dteicneolaíocht adhmaid, déanfaidh an scoláire iniúchadh ar an domhan nádúrtha agus tógtha trí mheán an dearaidh, ag lorg deiseanna chun an t-ábhar/acmhainn a chur i bhfeidhm go cruthaitheach agus go nuálach chun a thimpeallacht a chruthú agus a mhúnlú. Tá an-chuid nuálaíochta agus athruithe tagtha ar adhmaid mar acmhainn ábhartha. Cruthaíonn dul chun cinn teicneolaíochta deiseanna suntasacha maidir le húsáid adhmaid a leathnú mar acmhainn do raon leathan feidhmeanna. Mar sin féin, ciallaíonn uathúlacht an ábhair agus na ceirde seo go bhfuil go leor de na feidhmeanna agus na próisis thraidisiúnta fós luachmhar, agus maireann a gcáil go fóill.

Beidh foghlaim san ábhar seo gníomhach agus dírithe ar an scoláire, le foghlaimeoirí ag comhoibriú i dtreo an eolais agus i dtimpeallacht shábháilte an tseomra ranga teicneolaíochta. Trí na ndúshlán a bhaineann leis an bhfealsúnacht atá bunaithe ar dhearadh, forbróidh an scoláire an t-eolas, na scileanna agus na luachanna ábhartha chun smaointe a thabhairt ón mbunsmaoineamh go dtí cur i bhfeidhm ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a bheith bríomhar, cruthaitheach agus nuálach.

Gníomhaíocht na Réasúnaíochta

Léigh an réasúnaíocht agus ansin cuir in iúl conas is dóigh leat is féidir leis an ábhar seo againn cur le taithí an scoláire sa tSraith Shóisearach.

Alt 1

Alt 2

Alt 3

Alt 4

Aidhm

Seo a leanas aidhmeanna na Teicneolaíochta Adhmaid sa tsraith shóisearach:

- a chur ar chumas an scoláire tuiscint choincheapúil, scileanna disciplíneacha agus an t-eolas riachtanach ar an ábhar a theastaíonn a fhorbairt chun déantáin fhiúntacha a dhearadh agus a chruthú
- an scoláire a chumasú trí dhearadh agus trí dhéantúsaíocht, agus feasacht a fhorbairt maidir le hinbhuanaitheacht agus úsáid acmhainní nádúrtha
- réimse príomhscileanna dearaidh agus scileanna láimhseála ábhartha a fhorbairt trí adhmaid agus ábhair eile a mhúnlú agus a phróiseáil
- muintín agus athléimneacht an scoláire a fhorbairt trí dhul i ngleic le neamhchinnteacht na ndúshlán a bhaineann le dearadh
- nuálaíocht agus cruthaitheacht an scoláire a spreagadh trí aitheantas agus léirthuisicint dá chumas nithe a dhearadh agus a chruthú.

Na snáitheanna coitianta a fhiosrú síos trí na haidhmeanna

Ráitis Foghlama

RF 15: Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama.

RF 19: Tá luach ag an scoláire ar ról agus cion na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo.

RF 20: Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha.

RF 21: Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla.


RF 23: Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.

RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticíúil


Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



Turas Foghlama an Scoláire



Breathnaigh, Smaoinigh, Machnaigh



Cad é a bhreathnaím?



Cad é a smaoiním?




Cad é a mheabhraím?


Nótaí díospóireachta

Ár gcuid pointí

Frithargóintí ar fiú smaoineamh orthu?

Dearadh Muileatach Dúbailte



 Aois, céim agus réamhfhoghlaim do scoláirí a chur san áireamh.
Cén foghlaim ar mhaith linn díriú uirthi?
Na snáitheanna agus na gnéithe araon a fhiosrú agus torthaí foghlama á roghnú.

 Na torthaí foghlama do d'aonad foghlama a shainiú.
Príomhfhoghlaim na scoláirí a aithint ag úsáid briathra gnímh chun cabhrú le do smaointeoireacht.
Smaoineamh conas a dhéanfar measúnú ar foghlaim na scoláirí.

 Smaointe a fhorbairt ar an gcaoi a bhfaigheadh scoláirí blaiseadh den foghlaim seo.
Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil siad ag foghlaim

 Na heispéiris foghlama is fearr a shocrú - ag úsáid chomhthéacs do sheomra ranga féin - a chabhróidh le do scoláirí taithí a fháil ar na torthaí foghlama a roghnaíodh.
Cinntiú go mbíonn an measúnú ag teacht leis na torthaí foghlama agus lena mbriathra gnímh.


Ár nAonad Foghlama

CAD É ATÁ AR EOLAS AG MO CHUID SCOILÁIRÍ CHEANA

- Aois - An chéad bhliain
- Céim - Meán Fómhair
- Taithí ar Bhrat Glas on mBunscoil
- Siúlóidí Dúbra, ag bailiú síolta agus buaireíní do thábla dúbra na scoile.

CAD É IS MIAN LION MO SCOILÁIRÍ A FHOGLAIM


- Inbhuanaitheacht
- Meas ar ról agus ar thábhacht na foraiseachta in Éirinn/ar fud an domhain.
- An tabhacht atá le cultúr inbhuanaitheachta a fhorbairt i seomra ranga na Teicneolaíochta Adhmaid.



TORTHAÍ FOGHLAMA A SHAINIÚ A NASCANN LE FÓCAS AN AONAD

- 3-12
- 2-3
- 2-14
- 3-10
- 3-11
- 1-11
- 3-6
- 3-10
- 2-13
- 1-3
- 3-2
- 2-5
- 1-4
- 1-12

MACHNAMH



CÉN CHEAD ÁIT EILE

- Tógáil ar an aonad seo
- Amharc i dtreo snáithe dearadh
- Fócas ar an inbhuanaitheacht - cultúr an tseomra ranga Inbhuanaithe.
- Bunscileanna an bhinse.

CONAS A BHEIDH A FHÍOS AGAM GO BHFUIL SIAD AG FOGHLAIM

- Cleachtadh feic, Smaoinigh, Meabhraigh.
- Déanann scoláirí bíogeoibre a chur isteach a dtuairimí
- Cleachtadh mapa
- Scoláirí ag plé le mapa ar líne & tuiscint a bheith acu ar chlúdach foraise ina gceantar áitiúil
- Tortaí a thailleadadh agus a chur i gcomparáid.
- Póstaer/Mana chun cultúr an tseomra ranga inbhuanaithe a chur chun cinn.

FRÓISEAS LEANÚNACH FOIRMITHEACH: CEISTEANA/DIOSPÓIREACHTAÍ

AN BHFUIL MO MHEASÚNÚ AG TÉACHT LEIS NA BRIATHRA GNIMH

- Feic, Smaoinigh, Meabhraigh
- Critéir Ratha Chomhaontaithe
- Piarhmeasúnú
- Cleachtadh mapa
- Tortaí a léiriú ar mapa saorliníochta - Ag aibhsú na bhforaioisí

MACHNAMH

- Acheimre a dhéanamh ar na príomhphointí plé agus cinneadh AR SON NÓ IN ÉADÁN
- Póstaer/Mana ar chur chun cinn Chultúr an tSeomra Ranga Inbhuanaithe.

Machnamh

Cad iad na príomhtheachtaireachtaí a thóg tú leat as an réasúnaíocht agus as na haidhmeanna?



Machnamh

Cad iad na cúinsí tábhachtacha ar gá meabhrú fúthu agus aonad foghlama á dhearadh?



An chéad aonad foghlama féideartha eile le teacht i ndiaidh an aonaid shamplaigh i seisiún 2

CAD É ATÁ AR EOLAS AG MO CHUID SCOLÁIRÍ CHEANNA

- Tógail ar Aonad Dífhoraoisthe reimhe seo
- Torthaí Foghlama: 3.10 3.12 2.5 1.4
- Taithí scoláirí ó churaclam na bunscoile.

CAD É IS MIAN LION MO SCOLÁIRÍ A FHOGLAIM

- "Conan tabhairt ar ais don Dúba
- Tairbhí le hIaschúrsaíl & le hAthphlandú Crann
- Coimheadán pota a dhearadh nó coimeádan fóirsteanach eic.
- Dearadh agus inbhuanaitheacht ar intinn.

CONAS A BHEIDH A FHÍOS AGAM GO BHFUIL SIAD AG FOGHLAM

- Taithí ar an bpróiseas plandaithe
- Reitigh dearaidh a chur in iúl trí sceitseáil.
- Dearadh agus nianta in úsáid
- Reitigh dearaidh dhifriúla a brog/aspreagadh/a mholadh
- Fás planda a thairfeadh

FRÓISEAS LEANÚNACH FOIRNITHEACH AG CEISTIÚ/AG PLÉ

TORTHAÍ FOGHLAMA NA SHANIÚ A NASCANN LE FÓCAS AN AONAD

2.1	2.6	2.9	2.7
1.12	3.7	3.10	
3.12	2.5		
1.4			

Fiosraigh Táirg 2.1 2.6 2.7 2.9

Léirtheasciúint 1.12 3.7

CÉN CHEDA ÁIT EILE

- Tógail ar an aonad seo
- Sci'eanna Deartha a Dhainniú
- Déantúsán Dearaidh a Chur i gCrích

↳ 2.11 1.9 1.10

TORTHAÍ FOGHLAMA A SHANIÚ A NASCANN LEIS AN bhFÓCAS

AN BHFUIL MO MHEASÚNÚ AG TEACHT LEIS NA BRIATHRA GNÍMH

- Smaointe a fhorbairt
- Measúnú ar thuiscint scoláirí ar an bhfadhb dhearaidh a réiteach
- Dearadh inbhuanaithe
- Plandóir laistigh nó lasmuigh
- Céimeanna fás planda (crainn) a chlárú
- Sceitsí agus nótaí a dheanamh ina leagtar amach reitigh fheideartha ar an bhfadhb dhearaidh.

FORBAIRT TABHAIRT

FORBAIRT SAINIÚ

FIONNADH



FORBAIRT

FORBAIRT

FORBAIRT

MACHNAMH

MACHNAMH

An chéad aonad foghlama féideartha eile le teacht i ndiaidh an aonaid shamplaigh i seisiún 2

Aois & Céim

- 2ú Bliain
- Téarma 2
- Dóibh ar an dearadh mar phróiseas
- Tacar de scileanna binse
- Cultúr an tseomra ranga in bhunaithe in áit.

Téama

- Feasacht Chomhsheoil


Réamheolas:

- Brat Glas na Bunscoile
- Crainn sa tírpeallacht

Achoimre Spreagthaigh

- Seans gur cuimhin libh an Brat Glas ag an mbunscoil.
- San iar-bhunscoil feictear an Brat Glas, an Brat Oráiste, brat ildaite
- Bronntar brat ar scoileanna go minic nuair a bhaineann siad spríe amach i bpróiseas
- Seachas brat, tháirgeadh libh gradam oiriúnach a fhorbairt le bronnadh ar scileanna atá tionsaíonta don fheasacht chomhsheoil ag úsáid ábhar a roghnaíodh go cúramach. Déanaigi bhur ndul chun cinn a thairfeadadh trí aon mheán oiriúnach a úsáid.


Dearadh seachas Déanamh Cruthú:



Tabhairt ar scoilairí smaoineamh dóibh féin.

MEASÚNÚ:

1. Próiseas leanúnach foirmitheach
 - Spreagadh trí chomhrá & trí dhíospóireacht
2. Ceistiú
3. Smaoine a fhorbairt
 - Sceitsí
 - 4. Liosta ábhar
 - 5. Piartheasúnú scafláirle ar shaothar críochnaithe.
 - Feinmheasúnú
 - Measúnú an mhúinteora.



Táirge agus próiseas breisluacha


MACHNAMH AR DO CHUAD OIBRE FEIN!!!

TORTHAÍ FOGHLAMA

- 2-5, 2-11, 3-12, 2-12, 1-11, 1-14

FEASACHT CHOMHSHAOIL:

- Téama
- Achoimre
- Spreagthach



- An achoimre a léamh
- Teach ar chonclúidí
- Freagraí/ceisteanna a chur i gcomparáid
- Freagraí a amsiú.

- Dul chun cinn a dhoiciméadú
- Peann & páipéar
- Fóthra Twitter
- Meabhairmhapa
- Snapscéal

Cad iad na chéad chéimeanna eile agam?

Nuair a rachaidh mé ar ais ar scoil amárach...

Sna míonna amach romhainn...

Ar an mbliain seo chugainn...

Cad iad na straitéisí nua a thiocfadh liom a úsáid i mo sheomra ranga?

Nótaí

Nótaí

Gluais na dTearmaí

Measúnuithe Rangbhunaithe: (Treoirínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe I.8)

Is é an cur síos is fearr ar na Measúnuithe Rangbhunaithe gurb iar na hócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na dtascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíocht an ábhair. Bíonn cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithiúnas an mhúinteora. Faightear na critéir sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú seo cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe déantar breithiúnas an mhúinteora a thaifead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisc na scoile chuig na tuismitheoirí agus na scoláirí.

Gnéithe Cáilíochta: (Gluais Téarmaí an CNCM)

Is ráitis iad na gnéithe cáilíochta sna sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnas a dhéanamh ar cháilíocht obair scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. Ó tharla go mbíonn dlúthbhaint ag critéir ratha le hintinní foghlama agus go mbíonn siad bunaithe ar phróisis sa seomra ranga ó lá go lá, is de réir a chéile a léireodh foghlaim scoláirí na riachtanais atá leagtha amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.

Measúnú Foirmitheach: (Creat don tSraith Shóisearach 2015 I. 35-36)

Beidh comhtháthú leanúnach an mheasúnaithe fhoirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach déanann idir mhúinteoirí agus scoláirí machnamh ar an gcaoi a bhfuil an fhoghlaim ag dul ar aghaidh agus socraíonn siad cad iad na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Cuid dhílis den mheasúnú foirmitheach is ea an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse gníomhaíochtaí measúnaithe cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire a aithint cad é atá bainte amach acu agus cén áit a bhfuil tuilleadh foghlama agus forbartha le déanamh. Chun an cineál foghlama a luaitear thuas a éascú, tiocfaidh forbairt ar ról an mhúinteora agus ar dhinimic an chaidrimh idir múinteoir agus scoláirí. Cuirfidh múinteoirí níos mó béim ar mheasúnú a shní isteach ina gcuid teagasc ionas gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar an dul chun cinn i bhfoghlaim na scoláirí agus go n-aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid foghlaim féin.

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí: (Creat don tSraith Shóisearach 2015 I. 46)

Beidh tuairisc sa PGSS ar ghnóthachtáil scoláire i ngach réimse cuí foghlama lena n-áirítear Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonad Tosaíochta Foghlama agus Réimsí foghlama eile. Tarraingeoidh an PGSS as gnóthachtáil trasna na ngnéithe measúnaithe uile agus beidh tuairisc inti fúthu sin, lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe státteistithe agus ó na Tascanna Measúnaithe. Beidh leagan amach ag an PGSS a shocrófar ar bhonn náisiúnta. Is í an scoil a chuirfidh le chéile í agus gheobhaidh na scoláirí í san fhómhar tar éis an tríú bliain, nuair a bheidh na torthaí measúnaithe uile ón CSS agus ón scoil ar fáil agus dearbhaithe.

Torthaí Foghlama agus Intinní Foghlama: (Gluais Téarmaí an CNCM)

Torthaí Foghlama: Is ráitis iad torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

Intinn Foghlama: Is ráiteas é intinn foghlama do cheacht, nó do shraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an méid a ba mhaith leis an múinteoir a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in ann a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ): (Creat don tSraith Shóisearach 2015 I. 39-40)

I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama scoláirí. Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh siad ar an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe sin.

Critéir Ratha: (Gluais Téarmaí an CNCM)

Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire, breithiúnas a dhéanamh ar chaidreamh foghlama scoláirí.

Measúnú Suimitheach: (Gluais Téarmaí an CNCM)

Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is í an aidhm atá leis achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a dhearbhu cé acu a léirigh na scoláirí cá mhéad a léirigh siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin i gcomparáid le na critéir ratha nó gnéithe cáilíochta a comhaontaíodh.

Aonad Foghlama: Déanann aonad foghlama nasc idir na torthaí foghlama a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Cnoc an Chonnaidh,
Br. Ard Mhacha,
Co. Mhuineacháin.

www.metc.ie

**I gcomhair gach fiosrúcháin déan
teagmháil le:**

info@jct.ie

Lean sinn ar Twitter:

[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)

[@jct4ed](https://twitter.com/jct4ed)



Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan,
Co. Lú

Príomhshuíomhanna

Gréasáin:

www.jct.ie

www.curriculumonline.ie

www.ncca.ie

